Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8709/22

ECOFIN 387
STATIS 17
INST 180
CONSULT 4

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB)<br>- Glacadh |

1. I gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB), déanfaidh an Chomhairle triúr comhaltaí den Bhord Comhairleach a cheapadh tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach.

2. D'éirigh duine de chomhaltaí ESGAB, a cheap an Chomhairle an 18 Nollaig 2020[1] as oifig roimh dheireadh an téarma oifige. Dá bhrí sin, d'iarr ESGAB ar an gComhairle, i litir dar dáta an 3 Feabhra 2022, comhalta nua den Bhord a cheapadh (5937/22).

3. I litir dar dáta an 21 Feabhra 2022 (5968/22), mhol Uachtarán an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais d'Uachtarán na Comhairle Martine DURAND, iar-phríomh-Staitisteoir ECFE ar comhalta í d'údarás staidrimh phoiblí na Fraince faoi láthair, a cheapadh mar chomhalta nua den Chomhairle Chomhairleach.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 18 Nollaig 2020 lena gceaptar beirt chomhaltaí den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (IO C 445, 22.12.2020, lch. 3).

4. An 11 Márta 2022, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an iarrthóireacht. I litir dar dáta an 2 Bealtaine 2022, thug an Coimisiún tuairim fhabhrach uaidh maidir le ceapadh an iarrthóra thuasluaite.

5. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh arna ullmhú ag na saineolaithe dlí agus teanga agus atá i ndoiciméad 8716/22 a ghlacadh faoi liosta mhíreanna 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.